ELeathanach90

Dé Luain 10 Deireadh Fomhair 2011

X-Factor

Bhí an chéad seó beo den X-Factor ar siúl Dé Sathairn. Chan gach duine amhrán. Ansin roghnaigh Louis Walsh, Kelly Rowland agus Gary Barlow duine amháin as a ngrúpaí sa chomórtas le dul abhaile. Oíche Dhomhnaigh d'inis na moltóirí dúinn cé a bhí ag dul abhaile.

Roghnaigh Louis *Jonjo* óna ghrúpa. Roghnaigh Gary *James Michael* óna ghrúpa buachaillí. Tá *2 Shoes* imithe ó ghrúpa Tulisa agus tá Amelia Lily imithe ó ghrúpa Kelly freisin. Anois tá 12 fágtha sa chomórtas. An tseachtain seo chugainn roghnóidh an lucht féachana cé atá ag fágáil an chláir!

Bhí Matt Cardle agus Cee Lo Green mar aíonna speisialta ar an gclár oíche Dhomhnaigh freisin. Bhuaigh Matt Cardle an comórtas anuraidh agus chan sé a amhrán nua ar an gclár.

An bua ag an mBreatain Bheag!

Bhí Éire agus an Bhreatain Bheag ag imirt rugbaí in aghaidh a chéile sa chluiche ceathrú ceannais Dé Sathairn. Thosaigh an cluiche ag 6.00 ar maidin agus bhí daoine ar fud na tíre ag féachaint air.

Bhí an Bhreatain Bheag an-mhaith ar fad sa chluiche agus bhí an bua acu leis an scór 22:10 Beidh foireann na hÉireann ag teacht abhaile anois mar níl aon chluiche eile le himirt acu sa chomórtas.

Beidh an Bhreatain Bheag agus an Fhrainc ag imirt in aghaidh a chéile an deireadh seachtaine seo chugainn sa chluiche leathcheannais. An Nua-Shéalainn agus an Astráil a bheidh ag imirt sa chluiche leathcheannais eile.

Craobh TG4 i bPeil na mBan

Dé Domhnaigh bhí athimirt ar chluichí ceannais de Chraobh TG4 i bPeil na mBan ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Cúpla seachtain ó shin bhí an bua ag Corcaigh sa chluiche ceannais (sinsear) ach bhí comhscór sa dá chluiche eile ar an lá.

Le deich nóiméad fágtha sa chluiche ceannais (idirmheánach) bhí an chuma air go mbeadh an bua ag Co. an Chabháin ach ansin fuair an Iarmhí cic éirice agus tháinig athrú mór ar an gcluiche. Ar deireadh bhí an bua ag an Iarmhí leis an scór: An Iarmhí 1-09 An Cabhán 1-08.

Bhí an bua ag Cill Mhantáin in aghaidh Nua Eabhrac sa chluiche ceannais (sóisear) leis an scór: Cill Mhantáin 2-10 Nua Eabhrac 0-08.

An Iarmhí

Cill Mhantáin



spéaclaí 3D

Scannán sa phictiúrlann: *The Lion King 3D*

Tá an scannán *The Lion King 3D* sa phictiúrlann faoi láthair.

Is maith le daoine an scéal seo faoi Shimba, an leon óg. Anois tá an scannán ar fáil i 3D.

Ná dean dearmad na spéaclaí 3D a chur ort!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

European Language Label